



2024/1342

22.5.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1342 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Bealtaine 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh deiltemheitrine, meatalacsaille, tiaibeandasóil agus trífhlocastróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás deiltemheitrine, meatalacsaille, tiaibeandasóil agus trífhlocastróibine, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Le linn an mheasúnaithe ar na MRLanna sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ⁽²⁾, tá roinnt faisnéise faoi tháirgí áirithe sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. An fhaisnéis a bhí ar fáil, bhí sí leordhóthanach don Údarás chun MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh agus léiríodh na bearnaí sonraí in Iarscríbhinn II den Rialachán sin ina sonraítear an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh le cur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe.
- (3) I gcás deiltemheitrine, cuireadh an fhaisnéis sin a bhaineann leis an modh forfheidhmiúchán agus le trialacha ar iarmhair ar fáil chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh 'cnónna crann', mealbhacán, mealbhacán uisce, guird eile a bhfuil craiceann do-ite orthu, cabáistí Síneacha, ríse agus cruithneachta a dheimhniú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor na sonraí a cuireadh ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sonraí a sainaitníodh. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil ar bun.
- (4) An fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir le trialacha ar iarmhair lena ndearnadh anailís go comhuaineach ar na sainmhínithe ar iarmhair a bhí le forfheidhmiú agus a raibh measúnú riosca le déanamh orthu, níor leor an fhaisnéis sin chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh deiltemheitrine a dheimhniú i gcás cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, aibreog, silíní, péitseog, 'torthaí beaga eile agus caora eile', meacain bhiatais, soiliriac, meacain ragaim, bliosáin ghréine, fréamhacha peirsile, raidisí, salsaibh, svaeideanna, tornapaí, 'glasraí fréimhe agus tiúbair eile', 'glasraí bleibíní', ubhthorthaí, cál, cálráibí, cainneanna, ológa le haghaidh táirgeadh ola, 'insilí luibhe ó fhréamhacha', agus fréamhacha siocaire. Bhí an tÚdarás in ann teacht ar an gconclúid, áfach, go bhfuil na MRLanna atá ann faoi láthair sábháilte do thomhaltóirí trí fhachtóir coinbhéartachta a chur i bhfeidhm chun torthaí na dtrialacha ar iarmhair a athríomh de réir an tsainmhínithe ar iarmhair lena bhforfheidhmiú ar an sainmhíniú ar iarmhair le haghaidh measúnú riosca. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil.

⁽¹⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj>.

⁽²⁾ Reasoned opinion on the Evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review and modification of the existing maximum residue levels for deltamethrin in tomatoes and okra/lady's fingers [Tuairim réasúnaithe maidir leis an Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 agus modhnú a dhéanamh ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh deiltemheitrine i dtrátaí agus ocra]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(3):7107.

- (5) Na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh úll, ológa boird, cairéad, puimcíní, 'praiseach bhlátha', 'glasraí léagúmacha', 'gránach (seachas rís agus cruithneacht)', spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm, fíonchaor, sútha talún, 'guird a bhfuil craiceann inite orthu', ceathrúna uain, biolair, biolar talún, ruachán Rómhánach, mustard dearg, barra duilleog óga, duilleoga fíonchaora, biolar uisce, costóige, fungais shaothraithe, lintilí, piseanna, lúipíní, tae agus 'táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear bainne agus uibheacha', tá na MRLanna sin bunaithe ar uasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) a áiríodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ón gCoimisiún⁽³⁾. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil na MRLanna atá ann faoi láthair sábháilte do thomhaltóirí, d'ainneoin neamhréireacht idir sainmhínithe an Aontais agus sainmhínithe an Codex ar iarmhair. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil.
- (6) I gcás 'torthaí citris', cíobhaíonna, searbháin muc, spionáistí agus duilleoga comhchosúla, bliosaín chruinne, pónairí, olashíolta, spíosraí ó thorthaí, spíosraí ón mbachlóg agus spíosraí ó phistil bláthanna, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a saináithníodh roimhe seo agus go bhféadfadh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar MRLanna malartacha nó teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge a chur in ionad na MRLanna sin. Bhí MRL níos ísle ar fáil le haghaidh 'torthaí citris' bunaithe ar dhea-chleachtais talmhaíochta agus d'fhoill MRLanna a shocrú ag an leibhéal réasúnta is ísle, is iomchuí MRLanna nua atá níos ísle a shocrú lena n-aghaidh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Ós rud é nach raibh aon dhea-chleachtas talmhaíochta cúltaca ar fáil le haghaidh na dtáirgí eile a liostaítear, is iomchuí na leibhéil a shocrú ag an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge.
- (7) A bhuí le faisnéis bhreise a fuarthas ó trialacha ar iarmhair in éineacht le sonraí atá ann cheana, bhí an tÚdarás in ann MRLanna níos ísle a dhíorthú le haghaidh 'torthaí cána', 'luibheanna agus bláthanna inite (seachas costóg)', 'insiltí luibhe ó bhláthanna', 'insiltí luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna', piobair mhilse/chloigíneacha agus cabáistí cinn, chomh maith le MRLanna níos airde le haghaidh plumaí. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil na MRLanna sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí sin, ba cheart MRLanna nua a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (8) Shainaithin an tÚdarás riosca do thomhaltóirí maidir leis na MRLanna atá ann cheana le haghaidh piorraí, prátaí agus leitísí agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar MRLanna malartacha atá níos ísle, agus atá ar fáil le haghaidh piorraí agus leitísí a chur in ionad na MRLanna sin, é sin nó an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge a chur ina n-ionad. Ós rud é go raibh dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca as ar eascair MRL níos ísle ar fáil le haghaidh piorraí agus leitísí, ach ní i gcás prátaí, is iomchuí MRLanna nua atá níos ísle a shocrú le haghaidh piorraí agus leitísí, agus an MRL a íslíú go dtí an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge le haghaidh prátaí. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na fonótaí lena léirítear easpa faisnéise maidir leis na táirgí sin a scríosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (9) Fuair an tÚdarás roinnt iarratas de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh deiltemheitrine i dtrátaí agus ocra, i gcarúib⁽⁴⁾ agus in arbhar⁽⁵⁾ a mhodhnú. Maidir le trátaí agus ocra, mhol an tÚdarás na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a ardú. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh trátaí agus ocra a shocrú ar an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás. I gcás carúib, tar éis don Údarás cúis inní a shainaithint maidir le hiontógáil fhadtéarmach an MRL bheartaithe ag tomhaltóirí, tháinig sé ar an gconclúid, le linn measúnú ar shonraí deimhniúcháin a rinneadh ina dhiaidh sin, go raibh an méid a moladh sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL sin a shocrú ar an leibhéal atá beartaithe. Maidir le harbhar, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor na sonraí a cuireadh ar fáil chun MRL nua a dhíorthú ach go raibh an leibhéal sin níos ísle ná an leibhéal atá ann cheana atá bunaithe ar CXL atá sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart an MRL atá ann cheana a choinneáil ar bun.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/832 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2018 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ciantrainleapróil, ciamocsainil, deiltemheitrine, défeanaconasóil, feanaimíodóin, fluibeindé-aimíde, fluaipicilíde, foilepíd, foiseitile, mandastróibine, meipiocuait, meatasclóir, própamcarb, própáirgite, pírimetanaile, sulfocsaflór agus trífhlocastróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 140, 6.6.2018, lch. 38, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/832/oj>).

⁽⁴⁾ Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for deltamethrin in carobs/Saint John's breads [Tuairim réasúnaithe maidir leis an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh deiltemheitrine i gcarúib a mhodhnú]. EFSA Journal 2020, 18(10):6271.

⁽⁵⁾ Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for deltamethrin in maize/corn [Tuairim réasúnaithe maidir leis an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh deiltemheitrine in arbhar Indiach/arbhar a mhodhnú]. EFSA Journal 2022.20(7):7446.

- (10) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuireadh isteach iarratas le haghaidh deiltemheitrine ar mhangónna agus papánna. Mhaígh an t-iarratasóir go mbíonn iarmhair a sháraíonn na MRLanna atá i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar thoradh ar úsáidí údaraithe deiltemheitrine ar na barra sin sa Bhraí agus go bhfuil MRLanna níos airde riachtanach chun bacainní trádála maidir le hallmhairiú na mbarr sin a sheachaint. Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus tháinig sé ar an gconclúid gur leor na sonraí a cuireadh isteach chun MRLanna (níos airde) nua a shocrú, ar MRLanna iad a measadh a bheith sábháilte do thomhaltóirí⁽⁶⁾. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh mangónna agus papánna in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a shocrú ar an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.
- (11) I gcás meatalacsail, mhol saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh an sainmhíniú ar iarmhar maidir le faireachán a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch a athrú go 'suim de mheatalacsail (suim d'eanantaiméirí) agus meitibilítí (saor + comhchuingithe) M3 (N-(2,6-démheitilfeinil)-N-(hiodrocsaicéitil)eistear meitile alainín) agus M8 (N-(2-hiodrocsaimeitil-6-meitilfeinil-N-(meatocsaicéitil)eistear meitile alainín (suim d'eanantaiméirí), arna sloinneadh mar mheatalacsail'. Measann an Coimisiún gurb iomchuí an sainmhíniú nua seo ar iarmhair.
- (12) Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí a shainaithin an tÚdarás faoi chuimsiú an athbhreithnithe MRL ar mheatalacsail faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, chuir an t-iarratasóir sonraí nua ar fáil maidir le modhanna anailíse agus trialacha ar iarmhair. I gcás pónairí cócó agus leannlusanna, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid⁽⁷⁾ gur leor na sonraí a cuireadh ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna a sainaithníodh agus go bhfuil MRL nua (níos ísle) ann atá sábháilte do thomhaltóirí mar thoradh ar na trialacha breise ar iarmhair le haghaidh pónairí cócó. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an MRL nua sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, i gcás leannlusanna ba cheart an MRL atá ann cheana a choinneáil ar bun agus ba cheart an MRL nua (níos ísle) a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcás pónairí cócó. I gcás líomóidí, líomaí, mandairíní, úll, piorraí, fíonchaor, oinniúin, piobair mhilse/chloigíneacha, mealbhacán, mealbhacán uisce, bliosáin chruinne, pónairí soighe agus 'táirgí de bhunadh ainmhíoch', tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh roimhe seo agus go bhféadfaidh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar MRLanna malartacha a chur in ionad na MRLanna sin, nuair a bheidh siad ar fáil, nó an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge a chur in ionad na MRLanna sin. Ós rud é go raibh dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca as ar eascair MRL níos ísle ar fáil maidir le líomaí, mandairíní, oinniúin, piobair mhilse/piobair chloigíneacha, mealbhacán, mealbhacán uisce agus bliosáin chruinne, is iomchuí MRLanna nua atá níos ísle a shocrú. I gcás 'luibheanna agus bláthanna inite' bhíodhas in ann sonraí a eachtarshuí ó thrialacha faoi dhíon ar chineálacha duille oscailte leitise agus is iomchuí a MRLanna a choinneáil ar bun. Ós rud é nach raibh aon dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca ar fáil maidir le líomóidí, úlla, piorraí agus pónairí soighe, is iomchuí na MRLanna sin a íslíú go dtí an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge. I gcás 'táirgí de bhunadh ainmhíoch' rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana bunaithe ar ríomhanna nuashonraithe maidir le hualach a fhaightear ón mbeatha agus MRLanna nua (níos ísle) atá beartaithe le haghaidh duáin agus scairteach inite ó mhucra, ó chaoirigh agus ó ghabhair agus MRLanna níos airde le haghaidh duáin, ae agus scairteach inite ó bhó-ainmhithe agus ó each-ainmhithe. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh 'táirgí de bhunadh ainmhíoch' in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a shocrú ar an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na fonótaí faoi seach lena léirítear easpa faisnéise maidir leis na táirgí sin a scríosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (13) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuireadh isteach iarratas le haghaidh meatalacsail-M a úsáidtear i dtorthaí pailme ola agus piobarchaor (dubh, glas agus bán). Mhaígh an t-iarratasóir go mbíonn iarmhair a sháraíonn na MRLanna atá i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar thoradh ar úsáidí údaraithe meatalacsail-M i dtorthaí pailme ola sa Cholóim agus i bpiobarchaor i Vítneam agus go bhfuil MRLanna níos airde riachtanach chun bacainní trádála maidir le hallmhairiú na mbarr sin a sheachaint. Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus tháinig sé ar an gconclúid gur leor na sonraí a cuireadh isteach chun MRLanna nua atá sábháilte do thomhaltóirí a shocrú⁽⁸⁾. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh torthaí pailme ola agus piobarchaor in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a shocrú ar an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

⁽⁶⁾ Reasoned opinion on the setting of import tolerances for deltamethrin in mangoes and papayas [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh deiltemheitrine i mangónna agus papánna]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(3):7198.

⁽⁷⁾ Reasoned opinion on the evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for metalaxyl-M [Tuairim réasúnaithe maidir leis an meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh meatalacsail-M] EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(12):6996.

⁽⁸⁾ Reasoned opinion on the setting of import tolerances for metalaxyl-M in oil palms fruits and peppercorn [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh meatalacsail-M i dtorthaí pailme ola agus piobarchaor]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2023;21(5):8008.

- (14) An 13 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius CXLanna nua le haghaidh meatalacsaille⁽⁹⁾. I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁰⁾, i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, cuirfear san áireamh iad i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí an bhia a chomhlíonadh nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí an bhia a chur chun cinn agus é ag áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas. Rinne an tÚdarás measúnú ar na rioscaí do thomhaltóirí agus d'ullmhaigh sé tuarascáil eolaíoch⁽¹¹⁾. Sna cásanna inar shainithin an tÚdarás riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte tomhaltóirí, chuir an tAontas na hábhair amhrais⁽¹²⁾ ⁽¹³⁾ faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis na CXLanna a bhí beartaithe. Ba é sin an cás le haghaidh meatalacsaille in úlla, piorraí agus cabáistí cinn. Dá bhrí sin, na CXLanna nár chuir an tAontas ábhar amhrais faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ina leith, ós rud é nár shainithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas, is féidir a mheas go bhfuil siad sábháilte. Ba é sin an chás maidir leis na CXLanna le haghaidh meatalacsaille i bhfionchaora, oinniúin, prátaí agus piobarchaor. Dá bhrí sin, ba cheart na CXLanna sin a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (15) I gcás tiaibeandasóil, cuireadh faisnéis ar fáil maidir le nochtadh tomhaltóirí don mheitibilít beinsimídeasól a d'fhéadfadh a bheith ann, maidir le trialacha ar iarmhair agus maidir le cobhsaíocht stórála chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh úll, abhacád agus prátaí a dheimhniú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid⁽¹⁴⁾ gur leor na sonraí a cuireadh ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna a sainithníodh agus go díorthaíodh MRL nua (níos ísle) bunaithe ar thrialacha breise ar iarmhair a cuireadh isteach le haghaidh abhacád. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an MRL nua sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna atá ann cheana le haghaidh úll agus prátaí a choinneáil ar bun agus i gcás abhacád, ba cheart an MRL nua a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Shainithin an tÚdarás cúis inní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hiontógaíl ghearrthéarmach an MRL atá ann cheana ag tomhaltóirí le haghaidh papánna. Dá bhrí sin, i gcás papánna, ba cheart an MRL atá ann cheana a ísliú go dtí an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na fonótaí faoi seach lena léirítear easpa faisnéise maidir leis na táirgí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (16) I gcás trífhlocastróibine, mhol saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh an sainmhíniú ar iarmhar maidir le faireachán a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch a athrú go 'Suim de thrífhlocastróibin agus aigéad [(E,E)-meAtocsa-imíneA-{2-[1-(3-trífhluaraimetilfeinil)]eitolidéaneaimínea-ocsaimeitil]feinil]aicéiteach' (CGA 321113), arna sloinneadh mar thrífhlocastróibin. Measann an Coimisiún gurb iomchuí an sainmhíniú nua seo ar iarmhair.

⁽⁹⁾ Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, Coimisiún Codex Alimentarius. Foscríbhinn III. An Cúigiú Seisiún is Ceathracha. Seisiún ar líne, an 21-25 Samhain, an 12-13 agus an 19 Nollaig 2022 agus an 6 Feabhra 2023. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-45%252FFinal%252520Report%252520CAC45%252FCompiled%252FBREP22_CAC.pdf.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaitear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI:<http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj>).

⁽¹¹⁾ *Scientific support for preparing an EU position for the 53rd Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 53ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2022;20(9):7521.

⁽¹²⁾ Barúlacha ón Aontais Eorpaigh maidir le Codex CX/PR 22/53/5: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-53%252FCRDs%252FPr53_crd13revx.pdf.

⁽¹³⁾ Tuarascáil ón 53ú seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí REP22/PR: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-53%252FREPORT%252FFINAL%252FBREPORT%252FREPR22_PR53e.pdf.

⁽¹⁴⁾ *Reasoned opinion on the evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for thiabendazole* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh tiaibeandasóil]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(8):7539.

- (17) I Rialachán (AE) 2018/832, tugadh aghaidh ar roinnt de na bearnaí sonraí a shainathin an tÚdarás faoi chuimsiú an athbhreithnithe MRL ar thrífhlocastróibin faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, maidir le modh anailíse agus infhaighteacht tráchtála na meitibilíte CGA321113. Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí a shainathin an tÚdarás, chuir an t-iarratasóir sonraí nua ar fáil maidir le trialacha ar iarmhair le haghaidh ‘luibheanna agus bláthanna inite’, pónairí a bhfuil faighneoga orthu agus coirce. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid ⁽¹⁵⁾ gur leor na sonraí a cuireadh ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sonraí a sainathníodh agus gur dhíorthaigh na trialacha breise ar iarmhair MRLanna nua atá sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna nua sin a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás paiseog, cúcamar, gircíní agus cabáistí/pe-tsai Síneacha, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainathníodh roimhe seo agus go bhféadfadh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh ar na MRLanna sin a choinneáil ar bun mar aon leis na CXLanna atá ann cheana agus atá ar fáil le haghaidh cúcamar agus gircíní, nó an teorainn chinneadh a bhaineann go sonrach leis an táirge a chur in ionad na MRLanna sin. Ós rud é go raibh dea-chleachtas talmhaíochta cultaca as ar eascair MRL sábháilte do thomhaltóirí ar fáil ar an leibhéal céanna le haghaidh cúcamar agus gircíní, is iomchuí na MRLanna sin a choinneáil ar bun, agus ós rud é, i gcás paiseoga agus cabáistí/pe-tsai Síneacha, nach raibh aon dea-chleachtas talmhaíochta cultaca ar fáil, is iomchuí na MRLanna sin a ísliú go dtí an LOD. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na fonótaí faoi seach lena léirítear easpa faisnéise maidir leis na táirgí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (18) In éineacht leis na sonraí deimhniúcháin, chuir an t-iarratasóir roinnt iarratas isteach freisin chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh trífhlocastróibine i mbarra éagsúla faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a mhodhnú. Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus tháinig sé ar an gconclúid gur leor na sonraí a cuireadh isteach chun MRLanna nua atá sábháilte do thomhaltóirí a shocrú ⁽¹⁶⁾ le haghaidh piobair mhilse/chloigíneacha, cáil, fréamhacha siocaire agus meala. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a shocrú ar an leibhéal a shainathníonn an tÚdarás. Agus measúnú á dhéanamh ar na sonraí a cuireadh isteach faoi shearbháin muc, shainathin an tÚdarás riosca do thomhaltóirí maidir leis an MRL (níos airde) atá beartaithe, agus dheimhnigh sé go bhfuil an MRL reatha sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL sin a choinneáil ar bun ar an leibhéal atá ann cheana. Maidir le sreabháin na Beilge, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár leor na sonraí a cuireadh ar fáil chun MRL nua a dhíorthú. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL sin a choinneáil ar bun ar an leibhéal atá ann cheana, arb ionann é agus an teorainn chinneadh a bhaineann go sonrach leis an táirge.
- (19) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an ngá le teorainneacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach i gcás gach táirge.
- (20) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.
- (21) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (22) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart go bhforálfaí leis an Rialachán seo maidir le bearta idirthréimhseacha i gcás táirgí a cuirtear ar mhargadh an Aontais sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear ar bun leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.
- (23) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.
- (24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁵⁾ Reasoned opinion on the modification of existing maximum residue levels in various crops and evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for trifloxystrobin [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i mbarra éagsúla agus meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh trífhlocastróibine]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(1):7048.

⁽¹⁶⁾ Modification of the existing maximum residue level for trifloxystrobin in honey [Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh trífhlocastróibine i mil]. EFSA Journal [Iris EFSA], 2023;21(8):8189

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a cuireadh ar mhargadh an Aontais roimh an 11 Meitheamh 2024, seachas i gcás na MRLanna le haghaidh deiltemheitrine ar phiorraí, prátaí agus leitísí agus le haghaidh tiaibeandasóil i papánna.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 11 Meitheamh 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh deiltemheitrine, meatalacsail, tiaibeandasóil, trifhllocsastróibine:

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)					
Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(a)	Deiltemheitrin (cis-deiltemheitrin) (F)	Meatalacsail agus meatalacsail-M (meatalacsail lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhar tha lena n-áirítear meatalacsail-M (suim d'isiméirí) (R)	Tiaibeandasól (R)	Trifhllocsastróibin (R) (F)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN				
0110000	Torthaí citris	0,02		7	0,5
0110010	Seadóga		0,7		
0110020	Oráistí		0,7		
0110030	Líomóidí		0,01 (*)		
0110040	Líomaí		0,4		
0110050	Mandairíní		0,4		
0110990	Eile (2)		0,01 (*)		
0120000	Cnónna crann	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)	0,02
0120010	Almóinní				
0120020	Cnónna Brasaíleacha				
0120030	Cnónna caisiú				
0120040	Castáin				
0120050	Cnónna cócó				
0120060	Cnónna coill				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0120070	Macadaimia				
0120080	Cnónna peacáin				
0120090	Eithní cnónna péine				
0120100	Cnónna pistéise				
0120110	Gallchnónna				
0120990	Eile (2)				
0130000	Torthaí póma		0,01 (*)		0,7
0130010	Úlla	0,2		4	
0130020	Piorraí	0,09		4	
0130030	Cainchí	0,1		3	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	0,1		3	
0130050	Locuatanna	0,1		3	
0130990	Eile (2)	0,1		0,01 (*)	
0140000	Torthaí cloiche		0,01 (*)	0,01 (*)	3
0140010	Aibreoga	0,15			
0140020	Silíní (iad milis)	0,1			
0140030	Péitseoga	0,15			
0140040	Plumaí	0,1			
0140990	Eile (2)	0,01 (*)			
0150000	Caora agus torthaí beaga			0,01 (*)	
0151000	(a) fíonchaora	0,2	1,5		3
0151010	Fíonchaora boird				
0151020	Fíniúnacha coiteanna				
0152000	(b)sútha talún	0,2	0,6		1
0153000	(c) torthaí cána	0,08	0,02 (*)		3
0153010	Sméara dubha				
0153020	Eithreoga				
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)				
0153990	Eile (2)				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0154000	(d)torthaí beaga eile agus caora eile	0,6			3
0154010	Fraocháin		0,01 (*)		
0154020	Mónóga		0,01 (*)		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		0,4		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		0,3		
0154050	Mogóirí róis		0,01 (*)		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		0,01 (*)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		0,01 (*)		
0154080	Caora troim		0,01 (*)		
0154990	Eile (2)		0,01 (*)		
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil				
0161000	(a) craiceann inite		0,05 (*)		
0161010	Dátaí	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0161020	Figí	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0161030	Ológa boird	1		0,01 (*)	0,3
0161040	Cumcuaít	0,01 (*)		7	0,01 (*)
0161050	Torthaí réaltúla	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0161990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0162000	(b)craiceann do-ite, é beag	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		0,02 (*)		
0162020	Lítsíonna		0,01 (*)		
0162030	Páiseoga		0,01 (*)		
0162040	Piorraí deilgneacha		0,01 (*)		
0162050	Réalt-úlla		0,01 (*)		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		0,01 (*)		
0162990	Eile (2)		0,01 (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór		0,01 (*)		
0163010	Abhacáid	0,01 (*)		15	0,01 (*)
0163020	Bananaí	0,01 (*)		6	0,05
0163030	Mangónna	0,05		5	0,01 (*)
0163040	Papánna	0,1		0,01 (*)	0,6
0163050	Pomagránaití	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163060	Céiriomoighe	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163070	Guábhaí	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163080	Anainn	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163090	Torthaí aráin	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163100	Duraígh	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163110	Úlla deilgneacha	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0163990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE				
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair				
0211000	(a) prátaí	0,01 (*)	0,02	0,04	0,02
0212000	(b)glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0212010	Casabhaigh			0,01 (*)	
0212020	Prátaí milse			3	
0212030	Ionaim			0,01 (*)	
0212040	Ararút			0,01 (*)	
0212990	Eile (2)			0,01 (*)	
0213000	(c)glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra	0,02		0,01 (*)	
0213010	Meacain bhiatais		0,02 (*)		0,02
0213020	Meacain dhearga		0,1		0,1
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		0,01 (*)		0,03
0213040	Meacain ragaim		0,1		0,08
0213050	Bliosáin ghréine		0,01 (*)		0,01 (*)
0213060	Meacain bhána		0,1		0,04

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		0,01 (*)		0,08
0213080	Raidisí		0,06		0,08
0213090	Salsabh		0,02 (*)		0,04
0213100	Svaeideanna		0,01 (*)		0,04
0213110	Tornapaí		0,01 (*)		0,04
0213990	Eile (2)		0,01 (*)		0,01 (*)
0220000	Glasraí bleibíní			0,01 (*)	
0220010	Gairleog	0,06	0,02 (*)		0,01 (*)
0220020	Oinniúin	0,06	0,03		0,01 (*)
0220030	Seallóidí	0,06	0,02 (*)		0,01 (*)
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	0,3	0,3		0,1
0220990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0230000	Glasraí a thugann torthaí			0,01 (*)	
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae				
0231010	Trátaí	0,1	0,3		0,7
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha	0,15	0,4		0,9
0231030	Ubhthorthaí	0,4	0,01 (*)		0,7
0231040	Ocra	0,15	0,01 (*)		0,01 (*)
0231990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0232000	(b)guird a bhfuil craiceann inite acu	0,2			0,3
0232010	Cúcamair		0,5		
0232020	Gircíní		0,01 (*)		
0232030	Cúirséid		0,01 (*)		
0232990	Eile (2)		0,01 (*)		
0233000	(c)guird a bhfuil craiceann do-ite acu				0,3
0233010	Mealbhacáin	0,01 (*)	0,15		
0233020	Puimcíní	0,2	0,01 (*)		
0233030	Mealbhacáin uisce	0,01 (*)	0,15		
0233990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0234000	(d)arbhar milis	0,02	0,05 (*)		0,01 (*)
0239000	(e)glasraí eile a thugann torthaí	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)			0,01 (*)	
0241000	(a)praiseach bhlátha	0,1	0,2		
0241010	Brocaílí				0,6
0241020	Cóilis				0,5
0241990	Eile (2)				0,5
0242000	(b)praiseach chinn	0,01 (*)			
0242010	Bachlóga Bruiséile		0,15		0,6
0242020	Cabáistí cinn		0,06		0,5
0242990	Eile (2)		0,01 (*)		0,01 (*)
0243000	(c)praiseach dhuilleach				
0243010	Cabáistí Síneacha	0,2	0,02 (*)		0,01 (*)
0243020	Cáil	0,15	0,3		2
0243990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0244000	(d)cálráibí	0,01 (*)	0,02 (*)		0,01 (*)
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite				
0251000	(a)leitísí agus plandaí sailéid		3	0,01 (*)	15
0251010	Ceathrúna uain	2			
0251020	Leitísí	0,4			
0251030	Searbháin muc	0,01 (*)			
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	2			
0251050	Biolair thalún	2			
0251060	Ruachán Rómhánach	2			
0251070	Mustard dearg	2			
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	2			
0251990	Eile (2)	0,01 (*)			
0252000	(b)spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0,01 (*)	1,5	0,01 (*)	
0252010	Spionáistí				20

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0252020	Puirsléáin				15
0252030	Seardas/duilleoga biatais				0,01 (*)
0252990	Eile (2)				0,01 (*)
0253000	(c) duilleoga caor finiúna agus speicis chomhchosúla	2	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	(d)biolair uisce	2	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	(e)searbháin na Beilge	0,01 (*)	0,4	0,15	0,01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite		3	0,02 (*)	30
0256010	Costóg	2			
0256020	Síobhas	1,5			
0256030	Duilleoga soilire	1,5			
0256040	Peirsil	1,5			
0256050	Sáiste	1,5			
0256060	Marós	1,5			
0256070	Tím	1,5			
0256080	Basal agus bláthanna inite	1,5			
0256090	Duilleog labhrais	1,5			
0256100	Dragan	1,5			
0256990	Eile (2)	1,5			
0260000	Léagúim	0,2		0,01 (*)	
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		0,02 (*)		0,8
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		0,02 (*)		0,09
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		0,02 (*)		1,5
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		0,02 (*)		0,09
0260050	Lintilí		0,01 (*)		0,01 (*)
0260990	Eile (2)		0,01 (*)		0,01 (*)
0270000	Glasraí gais			0,01 (*)	
0270010	Lus súpach	0,01 (*)	0,02 (*)		0,05
0270020	Cardúin	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0270030	Soilirí	0,3	0,01 (*)		1

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0270040	Finéal Fhlórans	0,3	0,01 (*)		0,01 (*)
0270050	Bliosáin chruinne	0,01 (*)	0,02 (*)		0,3
0270060	Cainneanna	0,3	0,03		0,7
0270070	Biabhóg	0,3	0,01 (*)		0,01 (*)
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0270990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe	0,05			
0280020	Fungais fhiáine	0,01 (*)			
0280990	Caonaigh agus léicin	0,01 (*)			
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH			0,01 (*)	0,2
0300010	Pónairí	0,01 (*)	0,02 (*)		
0300020	Lintilí	1	0,01 (*)		
0300030	Piseanna	1	0,02 (*)		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	1	0,02 (*)		
0300990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ			0,02 (*)	
0401000	Olashíolta				
0401010	Ros lín	0,01 (*)	0,02 (*)		0,01 (*)
0401020	Piseanna talún	0,01 (*)	0,01 (*)		0,02
0401030	Síolta poipín	0,01 (*)	0,02 (*)		0,01 (*)
0401040	Síolta seasamain	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0401050	Síolta lus na gréine	0,01 (*)	0,02 (*)		0,01 (*)
0401060	Síolta ráibe	0,2	0,02 (*)		0,01 (*)
0401070	Pónairí soighe	0,01 (*)	0,01 (*)		0,05
0401080	Síolta mustaird	0,01 (*)	0,02 (*)		0,01 (*)
0401090	Síolta cadáis	0,01 (*)	0,01 (*)		0,4

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0401100	Síolta puimcín	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0401110	Síolta cróch bréige	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0401120	Síolta borráiste	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0401130	Caimilín	0,01 (*)	0,02 (*)		0,01 (*)
0401140	Síolta cnáibe	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0401990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0402000	Olathorthaí				
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	0,6	0,01 (*)		0,3
0402020	Eithní pailme ola	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0402030	Torthaí pailme ola	0,01 (*)	0,015		0,01 (*)
0402040	Capac	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0402990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0500000	GRÁNAIGH			0,01 (*)	
0500010	Eorna	2	0,01 (*)		0,5
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	2	0,01 (*)		0,01 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	2	0,02 (*)		0,02
0500040	Muiléad coiteann	2	0,01 (*)		0,01 (*)
0500050	Coirce	2	0,01 (*)		0,3
0500060	Rís	1	0,01 (*)		5
0500070	Seagal	2	0,01 (*)		0,3
0500080	Sorgam	2	0,01 (*)		0,01 (*)
0500090	Cruithneacht	1	0,01 (*)		0,3
0500990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB			0,05 (*)	0,05 (*)
0610000	Taenna	5	0,05 (*)		
0620000	Pónairí caife	0,1 (*)	0,05 (*)		
0630000	Insiltí luibhe ó		0,05 (*)		
0631000	(a) bláthanna	9			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0631010	Camán meall				
0631020	Roiseog				
0631030	Rós				
0631040	Seasmain				
0631050	Teile				
0631990	Eile (2)				
0632000	(b)duilleoga agus luibheanna	9			
0632010	Sú talún				
0632020	Rooibos				
0632030	Maité				
0632990	Eile (2)				
0633000	(c) fréamhacha	0,3			
0633010	Caorthann corraigh				
0633020	Ginsing				
0633990	Eile (2)				
0639000	(d)aon chuid eile den phlanda	0,05 (*)			
0640000	Pónairí cócó	0,05 (*)	0,05		
0650000	Carúib	0,7	0,05 (*)		
0700000	LEANNLUSANNA	0,05 (*)	15	0,05 (*)	40
0800000	SPÍOSRAÍ				
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís				
0810020	Calaindí				
0810030	Soilire				
0810040	Lus an choire				
0810050	Cuimín				
0810060	Lus mín				
0810070	Finéal				
0810080	Feinigréag				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0810090	Noitmig				
0810990	Eile (2)				
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,05 (*)		0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		0,05 (*)		
0820020	Piobar Szechuan		0,05 (*)		
0820030	Cearbhas		0,05 (*)		
0820040	Cardamam		0,05 (*)		
0820050	Caor aitol		0,05 (*)		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		2		
0820070	Fanaile		0,05 (*)		
0820080	Tamarain		0,05 (*)		
0820990	Eile (2)		0,05 (*)		
0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal				
0830990	Eile (2)				
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm				
0840010	Liocras	0,5	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)				
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,5	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)				
0840990	Eile (2)	0,5	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh				
0850020	Caprais				
0850990	Eile (2)				
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch				
0860990	Eile (2)				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis				
0870990	Eile (2)				
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA		0,01 (*)	0,01 (*)	
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	0,01 (*)			0,02
0900020	Cánaí siúcra	0,01 (*)			0,01 (*)
0900030	Fréamhacha siocaire	0,04			0,02
0900990	Eile (2)	0,01 (*)			0,01 (*)
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN				
1010000	Tráchtearraí ó				
1011000	(a) mucra			0,01 (*)	0,04
1011010	Matán	0,03	0,01 (*)	0,1	?
1011020	Saill	0,5	0,01 (*)		
1011030	An t-ae	0,03 (*)	0,05 (*)		
1011040	An duán	0,03 (*)	0,15		
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,5	0,15		
1011990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		
1012000	(b)bó-ainmhithe				
1012010	Matán	0,03	0,01 (*)	0,1	0,04
1012020	Saill	0,5	0,01 (*)		0,06
1012030	An t-ae	0,03 (*)	0,06		0,07
1012040	An duán	0,03 (*)	0,4		0,04
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,5	0,4		0,07
1012990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		0,02 (*)
1013000	(c) caoirigh			0,01 (*)	
1013010	Matán	0,03	0,01 (*)		0,04
1013020	Saill	0,5	0,01 (*)		0,06
1013030	An t-ae	0,03 (*)	0,05 (*)		0,07
1013040	An duán	0,03 (*)	0,15		0,04

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,5	0,15		0,07
1013990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		0,02 (*)
1014000	(d)gabhair			0,1	
1014010	Matán	0,03	0,01 (*)		0,04
1014020	Saill	0,5	0,01 (*)		0,06
1014030	An t-ae	0,03 (*)	0,05 (*)		0,07
1014040	An duán	0,03 (*)	0,15		0,04
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,5	0,15		0,07
1014990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		0,02 (*)
1015000	(e)each-ainmhithe			0,01 (*)	
1015010	Matán	0,03	0,01 (*)		0,04
1015020	Saill	0,5	0,01 (*)		0,06
1015030	An t-ae	0,03 (*)	0,06		0,07
1015040	An duán	0,03 (*)	0,4		0,04
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,5	0,4		0,07
1015990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		0,02 (*)
1016000	(f) éanlaith chlóis			0,01 (*)	0,04
1016010	Matán	0,02 (*)	0,01 (*)		
1016020	Saill	0,1	0,01 (*)		
1016030	An t-ae	0,02 (*)	0,05 (*)		
1016040	An duán	0,02 (*)	0,05 (*)		
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,02 (*)	0,05 (*)		
1016990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		
1017000	(f) ainmhithe talún feirme eile			0,01 (*)	
1017010	Matán	0,03	0,01 (*)		0,04
1017020	Saill	0,5	0,01 (*)		0,06
1017030	An t-ae	0,03 (*)	0,05 (*)		0,07
1017040	An duán	0,03 (*)	0,15		0,04

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,5	0,15		0,07
1017990	Eile (2)	0,02 (*)	0,01 (*)		0,02 (*)
1020000	Bainne	0,05	0,01 (*)		0,02 (*)
1020010	Eallach			0,1	
1020020	Caoirigh			0,01 (*)	
1020030	Gabhair			0,1	
1020040	Capall			0,01 (*)	
1020990	Eile (2)			0,01 (*)	
1030000	Uibheacha éan	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,04
1030010	An chearc				
1030020	Lacha				
1030030	Géanna				
1030040	Gearg				
1030990	Eile (2)				
1040000	Míl agus táirgí beacheaireachta eile (7)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,07
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,02 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)				
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)				
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)				

(*) Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh
(^e) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I
(+) Teaghlaim táirgí lotnaidicídí a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Deiltemheitrin (cis-deiltemheitrin) (F)
(F) Intuaslagtha i saill

Meatalacsail agus meatalacsail-M (meatalacsail lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhartha lena n-áirítear meatalacsail-M (suim d'isiméirí)) (R)
(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Meatalacsail — cód 100000, seachas 1040000: Suim de mheatalacsail (suim d'eanantaiméirí) agus meitibilítí (saor + comhchuingithe) M3 (N- (2,6-démheitilfeinil)-N-(hiodrocsaicéitil)eistear meitile alainín) agus M8 (N-(2-hiodrocsaimeitil-6- meitilfeinil)-N-(meatocsaicéatail)eistear meitile alainín (suim d'eanantaiméirí), arna sloinneadh mar mheatalacsail

Tiaibeandasól (R) (R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Tiaibeandasól — cód 100000, seachas 1020000 agus 1040000: suim de thiaibeandasól agus 5-hiodrocsaitiaibeandasól, arna sloinneadh mar thiaibeandasól Tiaibeandasól — cód 1020000: suim de thiaibeandasól, 5-hiodrocsaitiaibeandasól agus a chomhchuingeach sulfáite, arna sloinneadh mar thiaibeandasól
Trífhlocastróibin (R) (F) (R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Trífhlocastróibin — cód 1000000, seachas 1040000: an tsuim de thrífhlocastróibin agus a meitibilít aigéad (E,E)-meatocsa-imínea-{2-[1-(3-trífhluaraimeitilfeinil)eitilidéanaimínea-ocsaimeitil]feinil}-aicéiteach (CGA 321113) arna sloinneadh mar thrífhlocastróibin (F) (F) Intuaslagtha i saill